
LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH

# Bóthar na Siúire go Sráid San Tomás

## Slí Rothar Idirlinne

TÓGÁIL BILEOG EOLAIS









## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1. Forbhreathnú ar an Tionscadal
2. Leagan Amach Tráchta Nua
3. Léirshamhlú an Tionscadail
4. Sonraí Teagmhála
5. Tuilleadh Nuashonruithe

Tá an scéim idirlinne Bhóthar na Siúire go Sráid San Tomás mar chuid de Bhealach Chill Mhaighneann go Sráid San Tomás i gcroí-líonra an taistil ghníomhaigh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC). Tá an scéim seo á cur i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair atá á mhaoiniú.

Nuair a bheidh an scéim i gcrích cuirfear bonneagar leanúnach rothaíochta ar fáil agus cuirfear feabhas ar na háiseanna do choisithe feadh an bhealaigh 1.8km. Tugtar eolas sa bhileog eolais seo ar chur i bhfeidhm an tionscadail.

## AMLÍNE

| R4 2022 | Lúnasa 2023 | R1 2024 |
|---|---|---|
| Comhairliúchán Poiblí | Tús na nOibreacha | Deireadh na nOibreacha |

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040


NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# 1 FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL

Cuirfear an Tionscadal Thaistil Ghníomhaigh ó Chill Mhaighneann go Sráid San Tomás i bhfeidhm i 4 chuid. Tá cur síos déanta ar na codanna seo thíos agus cuirfear i bhfeidhm mar a leanas iad:

- **DEARG** Cuid 1 (Droichead Rialto go Lána Mhuire Mhaith): **Tosaítear R3 2023**
- **BUÍ** Cuid 2 (Lána Mhuire Mhaith go Sráid San Tomás)
- **GORM** Cuid 3 (Acomhal Bhóthar na Siúire go Droichead Rialto)
- **CORCA** Cuid 4 (Acomhal Bhóthar na Siúire go Cill Mhaighneann)




## Déanfar a leanas i gCuid 1 den Tionscadal:

- Athrófar leagan amach an tráchta ar Shiúlán San Séamas go Lána Fhoirbis ó shráideanna dhá bhealach go sráideanna aontreo
- Bainfear amach an pháirceáil ar fad ar an taobh thuaidh de Shiúlán San Séamas
- Cuirfear feabhas ar áiseanna do choisithe trí uasghrádú a dhéanamh ar na sé phointe trasnaithe feadh an bhealaigh agus Feabhas a chur ar áiseanna do rothaithe trí raon rothar ar leith a chur ar fáil ar Shiúlán San Séamas & Lána Mhuire Mhaith
- Feabhas a chur ar thrasrian acomhal dhroichead Rialto


## 2 LEAGAN AMACH TRÁCHTA NUA

**Lána Mhuire Mhaith** Cuirfear stop/gabh i bhfeidhm, a thosóidh go luath i mí Lúnasa

**Lána Fhoirbis** Tiocfaidh córas aontreo (go dtí Siúlán San Séamas) i bhfeidhm le linn thréimhse na n-oibreacha agus fanfaidh sé ann nuair a chuirfear na hoibreacha i gcrích. Beidh gá le rialú tráchta stop/gabh sa bhreis ó am go chéile le linn thréimhse na n-oibreacha.

**Siúlán San Séamas** Tiocfaidh córas aontreo (go dtí an Cuarbhóthar Theas) i bhfeidhm le linn thréimhse na n-oibreacha agus fanfaidh sé ann nuair a chuirfear na hoibreacha i gcrích. Beidh gá le rialú tráchta stop/gabh sa bhreis ó am go chéile le linn thréimhse na n-oibreacha. Bainfear amach an pháirceáil ar fad ar an taobh thuaidh (an pháirc) de Shiúlán San Séamas

**Acomhal Dhroichead Rialto** Beidh cosc ar chasadh ar chlé agus ar dheis ón gCuarbhóthar Theas go dtí Siúlán San Séamas. Tá roinnt crosairí le cur i gcrích ag an acomhal seo taobh amuigh de bhuaicuaireanta tráchta. Beidh na hoibreacha ag an láthair seo curtha i gcrích i dtreo dheireadh chur i bhfeidhm Chuid 1.




**BEALAÍ MALARTACHA SHIÚLÁN SAN SÉAMAS AGUS LÁNA FHOIRBIS**

## 3 LÉIRSHAMHLÚ AN TIONSCADAIL




Rian rothar dhá bhealach faoi chosaint ar an taobh Thuaidh de Shiúlán San Séamas

## 4 SONRAÍ TEAGMHÁLA

Má tá tuilleadh eolais uait maidir leis an scéim Idirlinne Bhóthar na Siúire go Sráid San Tomás nó más maith leat dul i dteagmháil linn, féach na roghanna thíos:

- https://www.dublincity.ie/residential/transportation/active-travel/projects/kilmainham-thomas-street-project
- activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar Bóthar na Siúire go Sráid San Tomás
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Scéim Idirlinne Bhóthar na Siúire Sráid San Tomás, An Roinn Comhshaoil agus Iompair, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH
- Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536
  Uimhir Fóin Éigeandála: 1800 29 39 49

## 5 TUILLEADH NUASHONRUITHE:

- Tá na líníochtaí is déanaí den leagan amach ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail (féach thuas)
- Cláraigh d'Fholáirimh CCBÁC chun an t-eolas is deireanaí a fháil ar an ríomhphost
- Beidh an t-eolas is deireanaí ar fáil ar mheáin shóisialta CCBÁC chomh maith

Tá súil againn go raibh an t-eolas seo úsáideach. Tabharfar nuashonruithe rialta maidir le socruithe bainistíochta tráchta agus gnéithe eile na scéime de réir mar a leanann na hoibreacha ar aghaidh.